Rewarding Learning

# An Seacál Cliste

## Leabhar Oibre



Ainm: ______________________________

Rang: __________

## A Freagair na ceisteanna seo:

1. Cá mhéad ar fad a bhí i gclann an Bhrámáin?

2. Cad é an brón mór a bhí ar an teaghlach uilig?

3. Cad é a mhol an iníon ab óige dá hathair?

4. Cá háit a raibh cónaí ar an tSeacál?

5. An raibh an Seacál sásta cuidiú a thabhairt? Cén dóigh?

6. Cad é mar mhothaigh an Brámán agus é ag dul suas a fhad leis an tSeacál, i do bharúil?

**B** **Tarraing pictiúr den Bhrámán agus dá chlann ag amharc ar na mealbhacáin áille aibí.**

Scríobh 4 abairt.

## C Tarraing pictiúr den tSeacál san uaimh.

Scríobh 4 abairt.

## A Aimsigh ciall na bhfocal seo san fhoclóir.

1. seacál
2. gráinnín
3. i gcomhair
4. uaimh
5. aibí
6. lúcháir
7. toilteanach
8. feoite
9. próca
10. tiubh

Scríobh abairt le gach focal thuas.

**seacál**

**gráinnín**

**i gcomhair**

**uaimh**

**aibí**

lúcháir

toilteanach

feoite

próca

tiubh



## B Scríobh na focail a bhfuil líne fúthu ar dhóigh eile.

1. Inis dó nach bhfuil airgead ar bith fágtha againn <u>i gcomhair</u> bia.

2. Bhí <u>lúcháir an tsaoil</u> ar an Bhrámán nuair a chonaic sé na mealbhacáin.

3. Brámán bocht tusa. Níl sé <u>ar d'acmhainn</u> bia maith mar seo a cheannach.

4. Bhí lúcháir ar an teaghlach <u>tabhartais</u> an tSeacáil Chliste a fháil ar ais.

## A Freagair na ceisteanna seo:

1. Cad chuige a raibh lúcháir an tsaoil ar an Bhrámán nuair a chonaic sé na mealbhacáin?

2. Cad chuige ar dheifrigh an tseanbhean ar ais leis na mealbhacáin uilig a cheannach?

3. Cad é mar fuair clann an Bhrámáin amach fá na seoda?

4. Cad é an cineál duine a bhí sa tseanbhean, i do bharúil?

5. Faigh cúig aidiacht a chuirfeadh síos ar an tSeacál.

## B Tarraing pictiúr den tseanbhean agus gáire suarach santach ar a haghaidh.

Scríobh 5 abairt fúithi.

**B** **Lig ort féin gur tú an Brámán ag inse don tSeacál Chliste cad a tharla.**

Scríobh 5 abairt ag míniú cad a tharla.



## Gearr amach na boscaí seo agus cuir san ord cheart iad

Gan a fhios don Bhrámán dhíol sé na mealbhacáin uilig le seanbhean agus iad lán seod.

Chuidigh an Seacál don tríú huair ach thug sé próca don Bhrámán a cheap na gadaithe agus a chuir orthu na tabhartais a thabhairt ar ais.

Bhí Brámán iontach bocht ann uair amháin nach raibh ábalta bia a cheannach dá theaghlach.

Thug an Seacál mealbhacán dó a chuir sé ina gháirdín. D'fhás sé ina phlanda breá a raibh a lán torthaí air.

Chuidigh an Seacál arís. Thug sé próca draíochta de bhia don Bhrámán ach fuair an Tiarna amach fá dtaobh de agus goideadh an próca.

Ghabh an Brámán buíochas leis an tSeacál as a sháith bia agus airgid a thabhairt dó.

Nuair a chuaigh an Brámán ag fiafraí faoi na mealbhacáin shéan sé go raibh na mealbhacáin lán seod.

Chuaigh sé a fhad leis an tSeacál Chliste le cuidiú a iarraidh.

## A Cé a dúirt?

1. “Déanfaidh mé cibé a thig liom.”

2. “Níl splaideog chéille agam.”

3. “Brámán bocht tusa. Níl sé ar d’acmhainn bia maith mar seo a cheannach.”

4. “Ní thig liom na mealbhacáin a thabhairt duit nó tá siad bruite agus ite i bhfad ó shin agam.
Ní fhaca mé seoda ar bith iontu.”

5. “Stad! Stad! Coinnigh do rópa agus do bhata agus bhéarfaidh mé ar ais duit do phróca draíochta.”

## A Lig ort féin gur tú an Brámán saibhir.

Scríobh scéal faoin rud a tharla.

**Tosaigh mar seo:**

Lá amháin agus mé ag siúl go maorga síos an bóthar chuaigh mé thart ar chró beag cáidheach salach. Bhí an boladh is blasta dár mhothaigh mé ag teacht amach as. “Saoithiúil,” arsa mise, agus isteach liom go gasta...



**Cá háit a gcuirfeá an Seacál ar an scála?**
Cad chuige?

maith — olc

cineálta — leithleasach

cothrom — éagórach

Céillí — amaideach

Sona sásta — Brónach

**Seo trí rud a tharla sa scéal. Smaoinigh ar na carachtair agus abair cé acu a rinne siad an rud ceart nó an rud contráilte.**

1. Cheannaigh an tseanbhean na mealbhacáin. Fuair sí amach go raibh siad lán seod. Cheannaigh sí na mealbhacáin uilig agus choinnigh sí na seoda.

2. D'inis an Brámán saibhir don Tiarna faoin phróca draíochta a bhí ag an Bhrámán bhocht. Chuir an Tiarna a chuid gardaí láithreach, a ghoid an próca ón Bhrámán bhocht.

3. Chuidigh an Seacál leis an Bhrámán bhocht dhá uair. Chaill sé an chéad dá bhronntanas. Bhí an Seacál toilteanach cuidiú an tríú huair.

**Fuair an Brámán bocht próca eile ón tSeacál. Thug sé é a fhad leis an bheirt a ghoid é.**

Déan pictiúr díobh agus scríobh faoin rud a tharla.

| | |
|---|---|
| Tiarna Pictiúr | Scríobh |
| Seanbhean Pictiúr | Scríobh |

## A Úsáid an focal ceart.

sháith páirc páirt cáis
fiáin sráid

1. Is ainmhí __________ é an leon.

2. "Beidh do __________ airgid agat," arsa an Seacál leis an Bhrámán bhocht.

3. Shiúil mé suas __________ Uí Chonaill nuair a bhí mé i mBaile Átha Cliath.

4. "Ar mhaith leat __________ i do cheapairí?" arsa mo Mhamaí liom nuair a bhí sí ag déanamh mo lóin.

5. Níl __________ peile againn ag an scoil. Téann muid suas chuig __________ Naomh Pól in amanna.

6. D'iarr an múinteoir orm __________ a ghlacadh sa dráma.

## B Cad é an dóigh a bhfuil na focail seo a leanas cosúil lena chéile?

mealbhacán Brámán líreacán clóscríobhán
féileacán áireamhán amadán marbhán

# Crosfhocal

## Leideanna

### Síos

1. Focal eile ar 'bronntanais'. [10]
2. Bhí sé lán de bhia blasta. [5]
3. Focal eile ar 'áthas'. [7]
4. A mhalairt de 'bocht'. [7]
6. Bhí siad sa mhealbhacán. [8]
7. "Bhí mé __________," arsa an Brámán Bocht leis an tSeacál Chliste. [9]
13. Bíonn deoch ólta. Bíonn bia ________. [3]

### Trasna

5. Ghabh an Brámán bocht ________ leis an tSeacál Chliste. [8]
8. Cheangail an ___________ an Brámán saibhir. [4]
9. Thug an Seacál Cliste don Bhrámán é. [10]
10. Cur síos ar an rópa. [5]
11. Chuidigh sé go mór leis an Bhrámán bhocht. [6]
12. Ghearr an tseanbhean na mealbhacáin léi. [5]
14. A mhalairt de 'saibhir'. [5]
15. Buaileadh an Brámán saibhir leis. [4]
16. Dúirt an Seacál Cliste leis an Bhrámán _______ maith a thabhairt don mhealbhacán. [4]



## Focail a Chuardach.

Aimsigh na focail seo:

aiteann
fraoch
próca
bileog
mias
buataisí
cruach
scioból
clúid
crúinne

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| c | l | ú | i | d | s | g | l | y | p | n | b |
| r | c | s | c | i | o | b | ó | l | e | w | u |
| u | a | d | g | h | f | v | n | m | z | x | a |
| a | b | l | k | b | q | w | r | u | t | b | t |
| c | s | f | m | i | a | s | x | e | r | w | a |
| h | r | d | x | l | k | j | t | c | h | o | i |
| h | y | p | s | e | g | c | v | r | s | z | s |
| g | f | r | a | o | c | h | f | ú | t | j | í |
| r | y | ó | u | g | o | u | e | i | c | b | f |
| y | x | c | b | s | m | n | j | n | t | t | b |
| i | o | a | i | t | e | a | n | n | e | w | q |
| s | p | i | k | j | t | d | x | e | v | t | h |

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

**COUNCIL** FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*